

## 1. Liosta na nImeachtaí Scoile

- Teacht & Imeacht laethúil na bpáistí
- Am sosa/ Am lóin
- Múinteoireacht Ranga
- Múinteoireacht duine ar dhuine
- Comhairleoireacht aonarach
- Gníomhaíochtaí Iasmuigh den scoil
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turas Scoile
- Turas Scoile thar oíche
- Na Leithris
- Lá Spóirt
- Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu
- Úsáid Áiseanna nach bhfuil ar láthair na scoile- Linn snámha
- Socruithe Taistil Scoile agus Tionlacan
- Cúram do pháistí le Riachtanais Speisialta – Riachtanais Dluthphearsanta san áireamh
- Bainstíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí
- Tabhairt Amach Leighis
- Garchabhair
- Stay Safe Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh
- Cosc a chur ar bhulaíocht agus déileáil leis
- Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosant Leanaí
- Daoine Seachtracha a chuireann leis an gCurcalam
- Cúram Páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu
- Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh
- An Lucht Siúil
- Daltaí LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT
- Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh
- Daltaí faoi chúram an Stáit
- Daltaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
- Earcú Baill foirne na scoile, ina measc;
- Múinteoirí
- CRS
- Airíoch
- Rúnaí
- Glantóirí
- Oiliúnaí Spóirt
- Teagascóirí Seachtracha
- Aoichainteoirí
- Oibrithe Deonacha
- Spóirt le Traenálaí
- Tuismitheoirí

- Cúairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae
- Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae
- Cúairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile
- Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile
- páirteach i Searmanas Reiligiúnach, taobh amuigh den scoil
- Úsáid TEC ag daltaí na scoile
- Cur i bhfeidhm smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair –  
tógáil gutháin srl
- Mic Léinn ar Thaithí Oibre
- Mic Léinn ar Shocrúchán Scoile
- Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile  
Grianghraif Scoile
- Úsáid Iarscoile fhoigeanmh na Scoile ag Eagrais Eile
- Club Obair Bhaile
- Ranganna Ceoil/ Ealaín
- Campa Cásca
- Lá Clainne
- Rothaíocht R5

## 2. D'aithin an scoil na prícaíl díobhála seo a leanas a mbainfidh leis na himeachtaí seo

- An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile
- An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cúairteoir díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil

- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chód iompraíochta nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile

**3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an scoil le dul i ngleic leis na prícail díobhála a aithníodh sa mheasúnacht seo**

- Tá cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
- Tá cóip de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
- Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláráithe teagaisc cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*
- Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil an curaclam OSPA i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm go hiomlán
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* na Roinne
- Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chúil ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
- Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
- Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na giorclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil
- Tá na nithe seo a leanas déanta ag an scoil –

- Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball d’fhoireann na scoile
- Cinntíonn an scoil go bhfuil cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball nua d’fhoireann na scoile
- Spreagtar lucht foirne chun leas a bhaint as oiliúint
- chuí
- Spreagtar comhaltaí an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint chuí
- Coimeádann an scoil taifid de gach oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí den bhord
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach
- Tá cóid iompraíochta ag an scoil do dhaltaí
- Tá beartas TFC ar bun ag an scoil i leith úsáide na TFC ag daltaí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar bun ag an scoil
- Tá cóid iompraíochta ag an scoil d’fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc)
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cógais ar dhaltaí
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón póca ag daltaí
- Tá nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith gníomhaíochtaí teagaisc duine-le-duine
- Tá nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith comhairlithe duine-le-duine
- Tá nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide cóitseálaithe spóirt
- Tá nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith socrúchán d’ábhair múinteora
- Tá nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith mac léinn atá ag tabhairt faoin taithí oibre sa scoil
- Tá beartas/ nósanna imeachta ar bun i leith Turais Scoile agus imeachtaí taobh amuigh den scoil.
- Tá nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh
- Grinnfhiosrucháin na nGardaí ag Tiománaí Bus
- Lá Clainne, Feitheoireacht eagraithe i gcór Caisleán Preabach
- Am Dul abhaile na Naíonáin- tá córas i bhfeidhm, áit a dhéanann an múinteoir ranga seic ar liosta maidir leis an duine a bhailíonn an páiste. Tá sé riachtanach go n-aithníonn an múinteoir an duine, sula ligter don pháiste fágáil.
- 

**Nóta Tábhachtach:** Tugtar faoi deara gurb ionann priacal i gcomhthéacs na measúnachta seo agus an sainmhíniú a thugtar ar phriacal san Acht um Tús Áite do Leanaí 2015 agus ní priacal ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Déantar sainmhíniú ar an bhfocal díobháil **i gCaibidil a Ceathair de na nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí**

**do Bhunscoieanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 (go léir le cinntiú le foilsiú na Nósanna úd)**

Agus an measúnacht priacail seo ar bun acu, rinne an Bord Bainistíochta a ndícheall, chomh fada agus ab fhéidir leo, na priacail dhíobhála a bhaineann leis an scoil seo, agus é a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na priacail ar fad a thníodha bhainistiú. Cé nach féidir gach priacal díobhála a thuar agus a bhaint, tá na Nósanna liostaithe sa mheasúnacht priacail seo chun bainistíocht agus laghdú a dhéanamh ar an bpriacal chomh fada agus is féidir.

Rinne Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige an Mheasúnacht Priacail seo a chur i gcrích ar 9-3-18. Déanfar aithbhreithniú air mar chuid dá Aithbhreithniú Bliantúil ar an Raiteas um Chumhdach Leanaí .

Rinneadh Aithbhreithniú ar an bpolasaí seo 14-4- 2021

Síinthe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síinthe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Príomhoide/Runaí an Bhoird Bhainistíochta

## **Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

Gaelscoil mheasctha , aonsruthach is ea Gaelscoil na Camóige a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Sé.

De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí* 2015, Tús Aite do Leanaí: Treoirlínte Naisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe ag Bord Bainistíochta xxx an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.

- 1 Tá glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 mar chuid den Ráiteas iomlán Chumhdach Leanaí agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú.
- 2 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea: Aoife Ni Raghallaigh
- 3 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Tánaisteach (DIAT) is ea: Eimear Billings
- 4 Aithníonn Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile. Cloífidh an scoil leis na prionsbail dheachleachtais a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí. Déanfaidh an scoil:
  - a. Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile
  - b. Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
  - c. Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí chosaint agus leas leanaí.
  - d. Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne.
  - e. Nós na hoscailteachta le tuismitheoirí a fhorbairt agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh; agus
  - f. Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.

Tá na nósanna imeachta/beartais seo a leanas i bhfeidhm:

- g. Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon pháiste atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta leagtha amach i gCaibidil a 7 de na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta ábhartha smachta aontaithe do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na ROS.
- h. Maidir le roghnú nó earcú na mball agus lena n-oiriúnacht chun obair le páistí, cloíonn an scoil le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gciocláin ábhartha na nGardaí um ghrinnfhiosrú agus um earcú atá foilsithe ag an ROS agus ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS.
- i. Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), déanann an scoil;
  - i. Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do na baill foirne ar fad.
  - ii. Cinnte de go ndéantar cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do gach ball foirne nua
  - iii. An fhoireann a spreagadh leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - iv. Baill an Bhoird Bhainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - v. (faoi chúram an Bhoird Bhainistíochta) taifead a choimeád d'oilíúint na mball agus bhaill foirne an Bhoird Bhainistíochta.
- j. Maidir le tuairisciú buarthaí faoi chosaint leanaí do Tusla, tá ceangal ar gach ball foirne scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna 2017, i gcás múinteoirí cláraithe, na cinn sinn a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san áireamh.
- k. Sa scoil seo, tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag an mBord mar an duine ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) le bheith ina chéadphointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile.

5 Tá gach aon mhúinteoir cláraithe fostaithe ag an scoil ina nduine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

6 De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá an Bord tar éis measúnacht priacail a dhéanamh ar an bhféidearthacht díobhála do pháistí agus iad ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirte in imeachtaí na scoile. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí priacail aitheanta agus na nósanna imeachta chun na priacail sin a bhainistiú ceangailte mar aguisín leis na nósanna seo.

7 Tá fáil ar na nósanna imeachta éagsúla a ndéantar tagairt dóibh sa Ráiteas seo ar shuíomh idirlín na scoile, ar shuíomh idirlín na ROS nó ar fáil ó scoil ach é a iarraidh.

**Nóta:** Níl an méid thuasluaite le bheith ina liosta uileghabhálach. Cuimseoidh Boird Bhainistíochta éagsúla nósanna imeachta/beartais eile a bhaineann le hábhar sa scoil atá i gceist.

8 Tá an ráiteas thuas foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé curtha ar fáil go gach ball foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dóibh) agus don Phátrún. Is furasta do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí teacht air ach é a iarraidh. Déanfar cóip den Ráiteas a chur ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar.

9 Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar 9-3-18

Sínithe: \_\_\_\_\_

Sínithe: \_\_\_\_\_

Cathaoirleach an Bh.Bh.

Príomhoide/Rúnaí an Bh.Bh.

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú

Tá ceangal ar an mBord Bainistíochta faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tabhairt faoi athbhreithniú ar a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus go mbainfear leas as an liosta seiceála seo a leanas chun na críche sin. Caithfear an t-athbhreithniú a chur i gcrích gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas. Trí athbhreithniú a dhéanamh cinnteoidh an scoil chomh maith go bhfuil sí ag sásamh na hoibleagáide reachtúla atá uirthi faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Tá an liosta seiceála seo ceaptha mar chúnaimh chun an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa liosta seiceála nithe eile atá ábhartha don scoil i gceist.

Mar chuid den phróiseas foriomlán athbhreithnithe, is ceart do Bhoird Bhainistíochta beartais, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid na scoile a mheas féachaint an bhfuil siad ag cloí le prionsabail an dea-chleachtas cosanta agus leasa leanaí de réir mar atá siad leagtha amach i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*.

	Tá/Níl
1. An bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	
2. Mar chuid de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord, gan athrú ná leasú, leis na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	
3. An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhorálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015?	
4. An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an mBord áit is gá mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?	
5. An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	
6. An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	
7. An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint leanaí?	
8. An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair?	
9. An bhfuil na sonraí teagmhála bainteacha (Tusla agus an Garda Síochána) ar láimh?	



10. An bhfuil socruithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Bhoird maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua scoile?	
11. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht foirne ar fad curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> agus an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?	
12. An bhfuil Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord ag gach cruinniú den Bhord a tionóladh ó tugadh faoin athbhreithniú is déanaí?	
13. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA tuairiscí cosanta leanaí ar bith chuig Tusla/An Garda Síochána?	
14. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr an DIA comhairle ó Thusla agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS?	
15. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí in aghaidh baill ar bith de lucht foirne na scoile?	
16. An bhfuil na cáipéisí go léir a bhaineann le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord agus an bhfuil siad go léir athbhreithnithe ag an mBord?	
17. An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?	

	Tá/Níl
18. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht foirne na scoile a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?*	
19. An bhfuil tuairiscí maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí an Bhoird?	
20. An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte?	
21. An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> bheith faighte ag an thuismitheoir sin?	
22. Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thuas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	
23. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dá leithéid)?	
24. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil don phátrún?	
25. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do na tuismitheoirí ar a iarraidh?	
26. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le bunscoileanna)	
27. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le hiar-bhunscoileanna)	
28. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil?	
29. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na scoile (fostaithe agus oibrithé deonacha)? *	
30. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le cosaint leanaí a chur ar fáil agus maidir le gealltanais bainteach a thabhairt, i gcás gach duine a ceapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta atá ann?*	
31. An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an scoil i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na scoile (fostaithe agus oibrithé deonacha)?*	
32. An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithe le feabhsú i ndáil le Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí?	
33. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na tuismitheoirí maidir le géilliúlacht na scoile le riachtanais cumhdaithe leanaí na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	
34. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na daltaí maidir le socrúithe na scoile don chumhdach leanaí?	
35. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go leordhóthanach sa scoil?	
36. An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith?	

37. An bhfuil plan gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith?	
38. An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leordhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith?	

\*I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna ina fhostóir, is ar an mBord Oideachais agus Oiliúna i gceist atá an fhreagracht na riachtanais sin atá ar an bhfostóir a chomhlíonadh. Insna cásanna sin, ba chóir an cheist sin a chur i gcrích ar dhul i gcomhairle leis an mBord Oideachais agus Oiliúna

**Fógra maidir le hAthbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí**

Chuig: \_\_\_\_\_

Is mian le Bord Bainistíochta \_\_\_\_\_ a chur in iúl duit:

- Cuireadh i gcrích athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ag cruinniú an Bhoird ar \_\_\_ [dáta].
- Rinneadh an t-athbhreithniú seo de réir “Seicliosta d’Athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí” atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie)

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta